



BORD IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

Tuarascáil Bhliantúil

2010



Tréimhse Tuairiscithe 1ú Eanáir go 31ú Nollaig 2010

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismi Muiri (BITM) ar an 25 lá de Márta 2003 faoin Acht Loingis Cheannaiochta (Imscrúdú Taismi Muiri) 2000.

Nil ach ag Bord Imscrúdú Taismi Muiri amháin áta i d'teideal ar an gcóipcheart de réir Alt 35(5) d'Acht Loingis Cheannaiochta (Imscrúdú Taismi Muiri) 2000.

Nil cead ag éinne aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeath, a chur i gcomhad athfhála, nó a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leightreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil ar thaifeadadh nó eile gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Is féidir le lucht oideachais úsáid a bhaint den tuairisc seo le haghaidh aidhmeanna oideachais.

Clár Ábhair

Rannán 1

1. Ráiteas an Chathaoirligh	2
2. Comhaltaí Boird agus Faisnéis Ghinearálta	5
3. Réamhrá	8
4. Achoimre ar theagmhais na bliana 2010	9
5. Achoimre ar thuarascálacha a foilsíodh in 2010	11
6. Sampla de chásanna a foilsíodh in 2010	13
7. Comparáid idir taismí muirí sa tréimhse 2002 - 2010	14
8. Tuarascálacha BTIM a foilsíodh sa tréimhse 2002 - 2010	15

Rannán 2

Ráitis Airgeadais don tréimhse 1 Eanáir go 31 Nollaig 2010	17
--	----

Tá leagan Béarla den Tuarascáil seo ar fáil ar shuíomh idirlíon an Bhoird, www.mcib.ie, nó de bhun iarratais ó Rúnaí an Bhoird.

Ráiteas an Chathaoirligh



John G. O'Donnell, B.L.
Chathaoirligh

A Aire a chara,

I gcomhlíontas na gceangal in Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000, is cúis sásaim dom an t-ochtú Tuarascáil Bhliantúil den Bhord um Thaismí Muirí a Imscrúdú (BTMI), a chlúdaíonn an tréimhse ó 1 Eanáir go 31 Nollaig 2010 a chur ar fáil.

Forléargas ar an mbliain 2010

Bhí deacrachtaí agus brón ag baint leis an mbliain 2010 ar go leor bealaí. Cailleadh 18 duine de bharr taismí muirí in 2010. B'ardú de 300% é sin ar an líon in 2009, tráth ar cailleadh seisear. Den 18 duine a cailleadh, trua an scéal, bhí 15 dhuine díobh gafa le gníomhaíochtaí fóillíochta a bhain le báid agus le hárthaigh agus bhí an triúr eile ag obair in earnáil na hiascaireachta. Bhain gortuithe do cúigear eile. Chuaigh gnáth-lastlong ina suí ach níor cailleadh duine ar bith nó go deimhin níor gortaíodh duine ar bith dá bharr.

Cé go bhfuil go leor de na himscrúduithe ar theagmhais na bliana 2010 fós ar siúl agus nach mian leis an mBord réamh-mheas ná réamhbhreithniú a dhéanamh ar na torthaí, tá treochtaí ag éirí níos follasaí maidir le cúiseanna taismí a tharla sa réimse fóillíochta agus caitheamh aimsire agus ba dheacair don Bord gan aird a thabhairt orthu. Murab ionann agus tionscal na hiascaireachta mar a bhfuil méadú ar fheasacht ar shábháilteacht i gcoitinne is léir i gcás gníomhaíochtaí fóillíochta go bhfuil an t-aineolas ag dul i dtreise maidir leis an mbaol a d'fhéadfadh a ghabháil le bádóireacht agus le gníomhaíochtaí eile uisce mar chaitheamh aimsire.

Is léire ná riamh go bhfuil roinnt de na daoine a bhaineann úsáid as árthaigh chun críocha fóillíochta in uisce na hÉireann ar bheag ar an mbaol a ghabhann leis na gníomhaíochtaí sin agus níos tábhachtaí fós aineolach, de réir dealraimh, ar a chontúirtí is atá an róthomhaltas alcóil le linn bheith ar bord nó ag oibriú árthaigh, sin nó go bhfuil na daoine a bhíonn ag oibriú árthaigh dá leithéid ag déanamh neamhaird d'aon turas den chontúirt agus den bhaol lena mbaineann agus ar an drochuair tá daoine á gcailleadh mar gheall air sin.

Tugann an BTMI dá aire go raibh feabhas mór in earnáil na mbád áineasa maidir le daoine a bheith ag cloí le caighdeáin sábháilteachta a leithéidí seaicéad tarrthála a chaitheamh agus bearta sábháilteachta eile a ghlacadh; mar sin féin is den tábhacht go n-aibhseodh BTMI a chontúirtí is atá an róthomhaltas alcóil maidir le hoibriú nó le bheith ar bord árthaigh. Adhmaíonn an Bord go bhfuil forálacha reachtúla ann chun déileáil le rialú tomhaltas alcóil ar bord árthaigh áineasa, ach b'fhéidir gur ghá an baol a bhaineann le tomhaltas alcóil agus le hoibriú ártach a aibhsíú.

Imscrúdaithe Seachtracha Taismí

In 2010 shann an Bord cúram imscrúdaithe na dtaismí uile do phainéal imscrúdaitheoirí seachtracha a cuireadh i dtoll a chéile go deireanach in 2009. Pearsanra a bhfuil cáilíochtaí teicniúla acu a leithéidí ailtirí cabhlaigh, innealtóirí muirí agus oifigigh dheice atá ar an bpainéal agus is fairsing an taithí agus an inniúlacht atá acu ar chúrsaí muirí.

IMO – Iniúchadh

I rith na bliana 2010 rinne an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) iniúchadh deonach ar fhorálacha muirí oibríochtúla agus reachtúla náisiúnta na hÉireann agus ghlac an Bord páirt ann. I dtuarascáil an iniúchta rinne IMO trácht dearfach ar oibriúcháin imscrúdaithe agus riaracháin an Bhoird agus dhearbhaigh go raibh an Bord ag oibriú i gcomhréir le caighdeáin shainordaitheacha IMO.

Feabhas ar Shábháilteacht Iascaireachta

Tá clár suntasach curtha i bhfeidhm ó 2003 i leith ag an Roinn Iompair de dhroim tuarascála a rinne an grúpa um athbhreithniú sábháilteacht ártach iascaireachta sna 1990aidí chun feabhas a chur ar shábháilteacht chabhlaigh iascaireachta na hÉireann.

Sa chéad chéim den phróiseas feabhsúcháin sin cuireadh córas suirbhé i bhfeidhm le haghaidh árthaigh iascaireachta a bhí níos mó ná 24m ar fhad. Sa chéad chéim eile tugadh isteach córas suirbhé le haghaidh ártach a bhí níos lú ná 15m ar fhad. Cuireadh tús leis an gcéim dheireanach in 2007 nuair a thug an Roinn Iompair rialacháin sábháilteachta isteach le haghaidh árthaigh iascaireachta 15-24m ar fhad. Cuireadh an chéim sin chun feidhme i rith

tréimhse roinnt blianta agus tháinig an chatagóir dheireanach d'árthaigh iascaireachta faoi réir na scéime an 1 Deireadh Fómhair 2010. Tá córas sábháilteachta cuimsitheach ar bun in Éirinn anois le haghaidh árthaigh iascaireachta agus den chéad uair riamh tá córas ann ar aon dul leis an TNC (Tástáil Náisiúnta Carranna). Fáiltítear roimh an éacht sin agus tá moladh tuilte ag tionscal na hiascaireachta, ag an Aire agus ag Oifigigh na Roinne mar gheall ar an obair a rinne siad.

Tá súil go dtiocfaidh laghdú ar líon na dtaismeach in earnáil na hiascaireachta nuair a bheidh an tionscadal athraitheach seo i bhfeidhm ar feadh 7 mbliana. Is léir ó athbhreithniú ar na staitisticí sa tuarascáil seo go bhfuil ráta na dteagmhais íseal in earnálacha rialaithe thionscal an iompair mhuirí, i.e. longa paisinéara, báid phaisinéara agus longa lasta. Na ceangail rialaitheacha atá ann agus a oiread is atá na daoine atá gafa leis na gníomhaíochtaí sin dírithe ar an tsábháilteacht is cúis leis sin. Anois agus earnáil na hiascaireachta ag dul isteach sa ghrúpáil rialaithe seo tá súil leis go mbeidh laghdú ar líon na dtaismeach in earnáil na hiascaireachta. Ar ndóigh is den tábhacht gan bheith bogásach; is tábhachtach freisin forfheidhmiú éifeachtach na gcóras sábháilteachta a chinntiú agus a bheith dírithe ar an eilimint daonna d'oibriú árthaigh.

Tuarascálacha a foilsíodh in 2010

D'fhoilsigh an Bord 13 Thuarascáil Deiridh in 2010; tá na sonraí iomlána a bhaineann leo ar a n-áirítear an Tuarascáil Deiridh ar dhul faoi uisce an STV Asgard II amach ó chósta na Fraince i mí Mheán Fómhair 2008 ar leathanaigh 11 agus 12.

Taismí in 2010

Bhí call le himscrúduithe a dhéanamh ar ocht gcinn déag de thaismí in 2010; tá na sonraí a bhaineann leo leagtha amach go hachomair sa tábla thíos. Tá sonraí iomlána na dtaismí uile leagtha amach ar leathanaigh 9 agus 10. Bhain sé cinn díobh le tionscal na hiascaireachta, bhain aon cheann déag le gníomhaíochtaí caitheamh aimsire príobháideacha agus bhain an ceann eile le hoibriúcháin ghnáth-lastloinge.

Earnáil	Teagmhais	Dul faoi uisce	Básanna	Gortuithe
Iascaireacht	6	3	3	1
Gnáth-lastlong	1	Náid	Náid	Náid
Caitheamh Aimsire	11	1	15	1
Iomlán	18	4	18	2

Árthaigh iascaireachta

Tharla dhá thaisme i dtionscal na hiascaireachta agus cailleadh triúr dá mbarr.

- Thit duine den chriú thar bord trálaeir agus cailleadh é amach ó Chósta an Deiscirt i mí na Feabhra 2010,
- Bádh beirt nuair a chuaigh ártach iascaireachta faoi uisce amach ó Thuaisceart Dhún na nGall i mí Dheireadh Fómhair 2010.
- Chuaigh trí ártach iascaireachta go tóin ach níor cailleadh aon duine.

Gnáth-lastlong

Chuaigh gnáth-lastlong amháin ina suí ar chladach amach ó Dhroichead Átha i mí na Samhna 2010.

Árthaigh áineasa

Tharla 11 taisme i ndáil le bádóireacht áineasa in 2010 inar cailleadh 15 duine agus inar gortaíodh duine amháin go dona. Chuaigh ceithre ártach go tóin phoill.

Cailleadh beirt a bhí ag iarraidh abhainn an Chladaigh in aice Phort Láich, Co. Phort Láirge a chadhcaíl agus cailleadh duine eile a chuaigh i mbun cadhcála ar an bhfarraige mhór amach ó Baile an Chaisleáin, Co. Chorcaí.

D'iompaigh ártach beag ar a béal fúithi amach ó chósta Loch Garman i mBealtaine 2010 agus cailleadh slatiascaire amháin dá bharr.

Cailleadh aon duine dhéag i dtaismí bádóireachta áineasa eile ag na hionaid a leanas:-

- Ceann Heilbhic, Co. Phort Láirge (2),
- Eadargóil, Co. Chorcaí (3),
- Trá Bhaile Uí Choileáin, Co. Loch Garman (1),
- Inis Bó Finne (2),
- Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath (1),

- An Cheathrú Rua, Co na Gaillimhe (1), agus
- Ros Láir, Co. Loch Garman (1).

Déanann an Bord comhbhrón leo siúd uile ar maraíodh daoine dá muintir orthu sna teagmhais sin.

Tá táblaí mionsonraithe na dteagmhas sna blianta ó 2002 go 2010 ar leathanach 14 den tuarascáil seo agus is féidir iad a achoimriú mar a leanas:

	2002	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009	2010
Básanna	7	12	14	8	10	17	9	6	18
Gortuithe	2	2	2	0	1	2	náid	-	2
Árthaigh lena mBaineann	9	18	17	11	12	20*	10	6	18

*Fághtar as an áireamh san fhigiúr sin an teagmhas ag Geallta Bád Dhún Laoghaire in 2007 a bhain le leor bád beag, báidíní calaidh agus bád docht inséidte (BDI).

Cúrsaí Airgeadais

Sa bhliain airgeadais dár chríoch 31 Nollaig 2010, thaifid an Bord farasbarr oibriúcháin de €9,277 agus dá thoradh sin farasbarr carntha de €3,996 sa tréimhse 2002 – 2010. Tá ráitis airgeadais lániniúchta leagtha amach ar leathanaigh 17 go 27 den Tuarascáil seo.

Éifeachtúlachtaí agus geilleagair acmhainne

Leanadh ar aghaidh le tionscadail ar chuir an Bord tús leo in 2009 chun imscrúdú a dhéanamh ar gach réimse caiteachais agus tá éirithe leis an mBord costais neamhphá na n-oibriúcháin a thabhairt anuas go leibhéal níos ísle ná riamh cheana. Chuir an Bord an t-athrú ó chlódóireacht cóipe crua go cúrsaíocht gréasánbhunaithe i gcrích in 2010. Cuirtear na Tuarascálacha Bliantúla ar fáil saor in aisce ag an suíomh idirlín, www.mcib.ie, agus íoschóipeáiltear go leictreonach iad do pháirtithe leasmhara éagsúla. Thug an Bord córas uathoibríoch foláireamh ríomhphoist isteach in 2010; tá nach mór ceithre chéad ainm cláraithe leis anois idir dhaoine aonair agus ghrúpaí ar a n-áirítear comhaltaí uile an Oireachtais agus seoltar ríomhphost chucu go huathoibríoch gach uair a fhoilsítear Tuarascáil Deiridh.

Laghdaíodh costais phriontála tuarascála de níos mó ná 60% dá thoradh in 2010 agus chosain sé níos lú ná €1,500 ar an meán, ar leith ó CBL, chun tuarascáil a chur i gcló.

Aontaíodh laghdúithe leis na soláthraithe seirbhíse seachtracha uile agus laghdaíodh na táillí a bhí iníoctha le comhaltaí Boird i gcomhréir le forálacha ginearálta.

Aitheantas

Is casta agus is dúshlánach obair an Bhoird; bíonn go leor daoine ag cabhrú leis agus is mór an cion oibre a dhéanann siad.


Ar an gcéad dul síos ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mBord as an obair a rinne siad agus as an gcúnamh a thug siad in 2010. Bhí rath ar an mBord ach níorbh fhéidir é murach an comhoibriú agus an cúnamh lántoilteanach a thug siad.

Ba mhaith liom Rúnaíocht an Bhoird a mholadh as a ndúthracht, as a ndíocas agus as a gcumas gairmiúil. Is sócmhainní tábhachtacha don Bhord iad an saineolas agus an saintaithí atá acu agus tréasláim leo ardchaighdeán na mblianta a chuaigh roimhe seo a choimeád slán in ainneoin a dhúshlánaí is a bhí an comhshaol acmhainne. Is sa chomhthéacs sin a ghabhaim buíochas le Kieran Baker agus le Evelyn Reddin as a dtiomantas leanúnach agus le Teresa Walsh a chuaigh chuig Roinn eile i mí na Samhna 2010 i dtaca le hath-imscaradh foirne.

Ba mhaith liom aitheantas agus ardmholadh a thabhairt d'obair phainéal na n-imscrúdaitheoirí seachtracha a bhfuil ról tábhachtach acu ag thabhairt cúnamh don Bhord chun Tuarascálacha a tháirgeadh maidir le raon taismí éagsúla.

Is féidir liom a dhearbhu freisin gur chomhlíon comhaltaí an Bhoird in 2010 na forálacha agus na ceangail infheidhme sna hAchtanna um Eitic agus san Acht um Chaighdeán in Oifigi Poiblí, 2001.

Ar deireadh thiar ba mhaith liom a chur ar taifead gur mór agam an cúnamh a thug an tAire agus a chuid oifigeach don Bhord in 2010.


JOHN G. O'DONNELL, B.L.
CATHAOIRLEACH,

Comhaltaí Boird agus Faisnéis Ghinearálta



Cathaoirleach:
Mr. John G. O'Donnell, B.L.



Leaschathaoirleach:
Mr. Thomas R. Power



Comhaltaí Boird:
Ms. Sinéad Brett, B.C.L., LL.M



Comhaltaí an Bhoird:
**An tUas. Brian Hogan,
Príomhshuibhéir,
An Roinn Iompair**



Comhaltaí an Bhoird:
**An tUas. Jurgen Whyte,
Príomhscrúdaitheoir ar
Aerthionóiscí, An tAonad
um Imscrúdú Aerthionóiscí
(AAIU), An Roinn Iompair**

Rúnaí: An tUas. Kieran Baker

Rúnaíocht: Evelyn Reddin Uas. agus Teresa Walsh Uas.

Oifig Chláraithe: Lána Líosain
Baile Átha Cliath 2.
Guthán: 01 - 6783484/5/6
Facs: 01 - 6783493
R-Phost: info@mcib.ie
Láithreán Gréasáin: www.mcib.ie

Iniúcháirí: An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Foirgneamh an Stáitchiste
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2.

Seo a leanas roinnt faisnéis ghinearálta maidir leis an mBord um Imscrúdú Taismí Muirí (BITM).

Bunú an Bhoird

Bunaíodh an Bord um Imscrúdú Taismí Muirí (BITM) faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí Muirí), 2000.

Feidhm an Bhoird

Is é an fheidhm atá ag BITM imscrúduithe a dhéanamh ar Thaismí Muirí, mar atá siad sainithe in Alt 2 den Acht.

Ciallaíonn Taisme Mhuirí eachtra nó próiseas trína gcuirtear faoi deara nó trína mbagraítear:

- (a) bás nó tromghortú duine;
- (b) duine a chailleadh thar bord;
- (c) go dtarlaíonn cailteanas suntasach nó tráchur, nó díobháil, d'árthach nó do mhaoin, nó imbhuailt le hárthach nó le maoin; nó
- (d) díobháil shuntasach don chomhshaol,

i ndáil le hoibriúchán:

- (i) ártach in uiscí na hÉireann;
- (ii) ártach atá cláraithe in Éirinn, in uiscí in áit ar bith; nó
- (iii) ártach atá suite nó feistithe de ghnáth in uiscí na hÉireann agus atá faoi stiúir duine is cónaitheoir den Stát, in uiscí idirnáisiúnta atá tadhlaigh le huisc na hÉireann.

Is é cuspóir atá le gach imscrúdú:

1. Cúis nó cúiseanna taisme mhuirí a dhéanamh amach.
2. An taisme mhuirí a thuairisciú d'fhonn moltaí a dhéanamh maidir le conas a macasamhail de thaisme mhuirí a sheachaint.

Tá sé tábhachtach go dtabharfar faoi deara NACH chun milleán ná chun locht a fháil ar dhuine ar bith a dhéantar imscrúdú. Tá an Bord neamh-ionchúiseach. Aon ionchúiseamh a eascraíonn as taisme ar bith is feidhm sin a bhaineann le Comhlachtaí Reachtúla, i.e. An Garda Síochána, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta etc.

Stádas

Is comhlacht reachtúil neamhspleách an BTMI atá maoinithe ag an Oireachtas faoi Alt 19 den Acht.

Seoltar cóip den tuarascáil deiridh ar gach imscrúdú chuig an Aire le go mbreithneoidh sé na moltaí a dhéantar ann. Cuirtear na tuarascálacha uile ar fáil don phobal (ar iarratas) saor in aisce nó is féidir teacht orthu ag suíomh idirlín BTMI ag www.mcib.ie.

Imscrúduithe agus Tuarascálacha 2010



Tréimhse Tuairiscithe 1ú Eanáir go 31ú Nollaig 2010

Réamhrá

Ó bunaíodh é in 2002 agus uaidh sin ar aghaidh go deireadh 2010 d'fhoilsigh an Bord tuarascálacha ar chéad agus tríocha naoi cás.

Léiríonn na staitisticí sa Tuarascáil seo na cineálacha éagsúla árthaigh a bhain le gach teagmhas agus an chúis a bhí leis an timpiste agus tugann léargas don léitheoir ar raon feidhme agus ar obair an Bhoird. Tá leagan amach comhsheasmhach coinnithe ar na formáid tuairiscithe d'fhonn comparáid le teagmhais agus le tuarascálacha na mblianta roimhe seo a éascú.

Tá gach tuarascáil foilsithe ar shuíomh idirlín an Bhoird, www.mcib.ie, agus tá méid teoranta díobh ar fáil i bhformáid pháipéir ach iarratas a chur chuig an Rúnaíocht.

Achoimre ar Theagmhais na Bliana 2010

1 Eanáir go 31 Nollaig 2010

AINM AN ÁRTHAIGH/ TEAGMHAIS	DÁTA AN TEAGMHAIS	CINEÁL AN ÁRTHAIGH	CINEÁL AN TEAGMHAIS	ACHOIMRE	BÁSANNA
Janireh	13 Feabhra 2010	Árthach iascaireachta 15-24m	Timpiste marfach Fear thar Bord	Tráth a raibh an t-árthach ag oibriú siar ó dheas ó Charn Uí Néid, Co Chorcaí bhí deacracht leis an trealamh tráil. Le linn do dhuine den chriú iarracht a dhéanamh an deacracht a réiteach thit sé thar bord.	1
Bá beirte ar abhainn an Chladaigh	7 Aibreán 2010	Árthach áineasa - canú/cadh	Bá	Bádhd beirt chadhcoirí nuair a chuaigh siad i bhfostú i gcora ar abhainn an Chladaigh in aice Phort Láach, Co. Phort Láirge	2
Kindred Star II	10 Aibreán 2010	Árthach iascaireachta <15m.	Dul faoi uisce	Tarrtháladh iascaire aonair amach ó chósta Oirthear Chorcaí nuair nár bh féidir smacht a fháil ar thuile i seomra an innill ina ártach.	0
Maurenella	21 Aibreán 2010	Árthach áineasa - mótar	Pléasc	Tharla pléasc ar bord cúrsóra ar an gCanáil Mhór ag Baile Ló, Co. Chill Dara agus gortaíodh duine amháin dá bharr.	0
Ainmire	30 Aibreán 2010	Árthach iascaireachta 15–24m	Dul faoi uisce	Tarrtháladh cúigear den chriú nuair a chuaigh árthach faoi uisce ag Butt of Lewis, Albain.	0
Duggie's Pride	15 Bealtaine 2010	Árthach áineasa/Bád Oscailte	Bá	Chuaigh árthach faoi uisce ag Rinn na Binne, Ros Láir, Co. Loch Garman agus bhásaigh duine amháin dá bharr.	1
Cé an Mhala Raithní	22 Bealtaine 2010	Árthach áineasa - mótar	Bá	Bádhd slatiascaire nuair a bhí sé ag daingniú a bháid ag áit a fheistithe i gcuán an Mhala Raithní.	1
Bád docht inséidte (BDI) neamhainmnithe	23 Bealtaine 2010	Árthach mear innill/BDI	Bá	Bádhd beirt slatiascairí a bhí ag iascach amach ó Ché Heilbhic.	2
Duine neamhainmnithe a bhásaigh i dtáisme churaí amach ón gCeathrú Rua, Co na Gaillimhe	30 Bealtaine 2010	Árthach áineasa - mótar	Bá	Bádhd iascaire a bhí ag iascach amach ón gCeathrú Rua, Co. na Gaillimhe.	1
Cadhc neamhainmnithe, Baile an Chaisleáin, Co. Chorcaí	30 Feabhra 2010	Árthach áineasa - canú/cadh	Bá	Bhásaigh cadhcóir amach ó Bhaile an Chaisleáin, Iarthar Chorcaí, Éire	1
Castaway	16 Lúnasa 2010	Árthach áineasa - mótar	Bá	Chuaigh árthach áineasa trí thine amach ó Bhaile Chaisleáin Bhéarra, Iarthar Chorcaí agus bhásaigh triúr dá bharr.	3
D'iompaigh bád oscailte ar a béal fúithi amach ó Thrá Bhaile Uí Choileáin	7 Mean F. 2010	Árthach áineasa – bád oscailte	Bá	D'iompaigh bád oscailte ar a béal fúithi amach ó Thrá Bhaile Uí Choileáin, Co. Loch Garman agus bhásaigh duine amháin dá bharr.	1

AINM AN ÁRTHAIGH/ TEAGMHAIS	DÁTA AN TEAGMHAIS	CINEÁL AN ÁRTHAIGH	CINEÁL AN TEAGMHAIS	ACHOIMRE	BÁSANNA
Quo Vadis	10 Deireadh F. 2010	Árthach áineasa - mótar	Bá	Bád beirt a bhí ag iarraidh teacht ar bord árthaigh dá gcuid in athuir amach ó Inis Bó Finne.	2
Teagmhas a bhain le bád oscailte neamhainmnithe amach ó Dhún Laoghaire	12 Deireadh F. 2010	Árthach áineasa - bád oscailte	Bá	Tógadh as an fharraige ag Oileán Dheilginse, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath corpán fir a chonacthas níos luaithe ag iomramh i mbád oscailte.	1
Léim na Bhradáin	30 Deireadh F. 2010	Árthach iascaireachta < 15m	Dul faoi uisce	D'iompaigh árthach ar a béal fúithi agus chuaigh faoi uisce amach ó Chósta Thuaisceart Mhaigh Eo. Tarrtháladh beirt.	0
Jennifer	1 Samhain 2010	Árthach iascaireachta <15m	Dul faoi uisce	Chuaigh árthach faoi uisce amach ó chósta Thuaisceart Dhún na nGall agus cailleadh beirt dá bharr.	2
Arklow Raider	16 Samhain 2010	Lastlong - Gnáth- lastlong	Dul ina suí	Chuaigh olliompróir ina suí ar chladach ag béal na Bóinne, Calafort Dhroichead Átha.	0
Corona Gloria	1 Nollaig 2010	Árthach iascaireachta 15-24m	Gortú Tromchúiseach	Gortaíodh iascaire go dona nuair a bualadh cábla cruach é tráth a raibh sé ag iascach amach ó Chósta Chorcaí.	0
Líon iomlán na dteagmhas: 17					lomlán na mBásanna : 18

Achoimre ar Thuarascálacha a Foilsíodh in 2010

1 Eanáir go 31 Nollaig 2010

AINM AN ÁRTHAIGH/TEAGMHAIS	DÁTA AN FHOILSITHE	CINEÁL AN ÁRTHAIGH	CINEÁL AN TEAGMHAIS	ACHOIMRE	GORTÚ/BÁSANNA	CÚIS AN TEAGMHAIS
Harbour Pride	7 Bealtaine 2010	Árthach iascaireachta – mótar <15m	Bá	Sracadh iascaire ó bhord árthaigh amach agus bádh é le linn dó potaí a chur amach.	Bhásaigh duine amháin	Chuaigh bróg an duine i bhfostú i lúb téide.
Skellig Light II	17 Meitheamh 2010	Árthach iascaireachta - mótar <24m	Bá	Thit iascaire thar bord lei linn dó barainn a chur ar líonta agus bádh é	Bhásaigh duine amháin	Níorbh fhéidir a dhéanamh amach go cinntitheach céard ba chúis leis an taisme seo.
Bád oscailte neamhainmnithe	17 Meitheamh 2010	Árthach áineasa - mótar	Iompú béal fúithi	D'iompaigh curach ar a béal fúithi agus bádh an bheirt a bhí inti agus iad ag obair le potaí gliomaigh amach ó Aughris Point ag an gClochán, Co. na Gaillimhe.	Bhásaigh beirt	Tráth a raibh an aimsir garbh bhain potaí gliomaigh a bhí ar crochadh san ártach dá cothrom í agus chuir faoi deara gur iompaigh sí.
Ikom K	17 Meitheamh 2010	Bád farantóireachta paisinéara	Dul ina suí	Chuaigh Bád farantóireachta paisinéirí ina suí ar chladach le linn di aistear a dhéanamh go hOileán Béara, Co. Chorcaí.	Bhásaigh duine amháin	Bhuail taom croí marfach an captaen agus ní raibh an rialú treoch á fheidhmiú san ártach dá bharr.
Strath Marie	18 Meitheamh 2010	Árthach iascaireachta -mótar <15m	Dul faoi uisce	Chuaigh bád gliomaigh faoi uisce amach ó Cheann Inis Eoghain, Dún na nGall. Tarrtháladh an bheirt a bhí inti ach bhásaigh siad níos deireanaí san ospidéal.	Bhásaigh beirt	Níorbh fhéidir a dhéanamh amach go cinntitheach céard ba chúis leis an taisme seo.
Miklinghii	18 Meitheamh 2010	Árthach áineasa - Bád Oscailte	Iompú béal fúithi	Deichniúr a bhí i mbád a d'iompaigh ar a béal fúithi in aice Oileán an Choinicéir amach ó Chósta Iarthar Chorcaí. Bádh duine amháin agus tarrtháladh naonúr eile.	Bhásaigh duine amháin	Iombhádh an t-árthach agus d'iompaigh sí ar a béal fúithi.

AINM AN ÁRTHAIGH/TEAGMHAIS	DÁTA AN FHOILSITHE	CINEÁL AN ÁRTHAIGH	CINEÁL AN TEAGMHAIS	ACHOIMRE	GORTÚ/BÁS ANNA	CÚIS AN TEAGMHAIS
ESLCaprice 8	30 Meitheamh 2010	Árthach áineasa - mótar	Trochlú	Chuaigh bád cairtfhostaithe ina suí ar charraigeacha ar Loch Deirgeirt. Tarraingíodh an t-árthach amach ar an domhain ach chuaigh sí faoi uisce níos deireanaí agus í ar théad.	Níor bhásaigh aon duine	Tháinig iomrall breithiúnais ar chaptaen an árthaigh agus é ag iarraidh na baoithe ar an gcairt a aithint.
MDAC	19 Iúil 2010	Árthach iascaireacht a -mótar <15m	Bá	Thit duine den chriú thar bord agus bád é le linn dó potaí gliomaigh a chur amach.	Bhásaigh duine amháin	Chuaigh cos an duine a bhásaigh i bhfostú i lúb téide agus b'shin an fáth gur sracadh thar bord é.
Alma Amy	10 Meán F. 2010	Árthach iascaireacht a - mótar 15 – 24m.	Bá	Thit duine den chriú thar bord agus bád é	Bhásaigh duine amháin	Níorbh fhéidir a dhéanamh amach go cinntitheach céard ba chúis leis an taimse seo.
Asgard II	27 Meán F. 2010	Long Lasta	Dul faoi uisce	Chuaigh árthach oiliúna seoil faoi uisce amach ó St. Nazaire i mBá na Bioscáine.	Níor bhásaigh aon duine	Is dócha gur bhuail an long rud éigean faoi dhromchla na farraige agus gurbh shin an fáth go raibh loiceadh mór ar an bplancáil ar thaobh an deasbhoird.
Mulranny Pier	12 Samhain 2010	Árthach áineasa - mótar	Bá	Bád slatiascaire le linn dó Árthach áineasa slatiascaireachta a cheangal	Bhásaigh duine amháin	Níorbh fhéidir a dhéanamh amach go cinntitheach céard ba chúis leis an teagmhas seo.
Mc Hugh	12 Samhain 2010	Árthach áineasa - Seol	Bá	Bhuail siota láidir gaoithe gleoiteog; thuil an t-uisce isteach inti; d'iompáigh sí ar a béal fúithi agus chuaigh go tóin.	Bhásaigh duine amháin	Fairsinge seoil, an ghaoth ag dul i dtreise agus ag teacht tobann ina cuaifeach le linn don árthach dul amach ar an bhfarraige mhór.
Maurenella	12 Samhain 2010	Árthach áineasa - mótar	Pléasc	Tharla pléasc ar bord árthaigh faoi úinéireacht phríobháideach ar an gCanáil Mhór ag Baile Ló, Co. Chill Dara.	Gortaíodh duine amháin	Cé nach bhfuiltear in ann a dhéanamh amach go cinntitheach céard ba chúis leis an bpléasc tá táscairí ann gur tharla sé de bharr braon anuas ó GPL (gás peitríliam leachtaithe) a chuaigh trí thine nuair a dúisíodh an inneall.

Sampla de Chásanna a Foilsíodh in 2010

1 Eanáir go 31 Nollaig 2010

Is mian leis an mBord aird faoi leith a tharraingt ar na ceithre thuarascáil a leanas a foilsíodh in 2010.

BÁD OSCAILTE NEAMHAINMNITHE, AN CHEATHRÚ RUA, BEALTAINE 2010



An 30 Bealtaine 2010 ag thart ar 12.00 uair, d'fhág Padraig O'Cualáin, Doire Fhearta Mór, an Cheathrú Rua, Co na Gaillimhe i mbád oscailte (curach) adhmaid 18 troigh ar fhad faoi chumhacht inneall seachbhoird chun dul ag iascach maicréal i gCuan an Fhir Mhóir.

Tamall ina dhiaidh sin agus é ag dul ó thuaidh ar feadh an chuain thar Chaladh Thaidhg, an Cheathrú Rua, thit sé thar bord. Chonacthas an bád folamh ón tír, chuaigh a dhearthár agus daoine eile chun farraige ar a thóir agus fuarthas a chorpán níos deireanaí ar snámh ar uachtar uisce. Cé nach bhfuiltear in ann a rá go cinntitheach céard a tharla idir an t-am a chonacthas an tUasal Ó Cualáin ag iascach ina churach agus an t-am a aisghabhadh an corpán, meastar gur dócha gur baineadh dá chothrom é agus gur thit sé thar bord agus go mb'fhéidir gurbh é an leibhéal ard alcóil a braitheadh post mortem ba chúis leis sin.

CAPRICE - 8, LOCH DEIRGEIRT, CO. THIOBRAID ÁRANN, DEIREADH FÓMHAIR 2009



An 9 Deireadh Fómhair 2009 chuaigh ártach cairtfhostaithe aicme Caprice ina suí ar charraigeacha i gcóngar Mountaineer Rock amach ó Ryan's Point ar Loch Deirgeirt, Co. Tiobraid Árann. Thóg BDI Sheirbhísí Dóiteáin agus Tarrthála Phort Omna an ceathrar a bhí ar bord ón ártach agus rugadar leo iad trasna an locha go dtí Caladh Bhaile Liam. Tugadh faoi deara go raibh an t-ártach go dona pollta ach níor bhásaigh aon duine agus níor tharla aon truailliú. Tarraingíodh an t-ártach de na carraigeacha ach ina dhiaidh sin chuaigh sí faoi uisce agus í ar théad. Tháinig iomrall breithiúnais ar chaptaen an árthaigh agus é ag iarraidh na baoithe a bhí léirithe ar an gcairt a aithint sa chaoi is gur cheap sé go raibh sé in uiscí sábháilte.

ASGARD II, AMACH Ó ST. NAZAIRE, AN FHRAINIC, MEÁN FÓMHAIR 2008



An 10 Meán Fómhair 2008, d'fhág STV "Asgard II" Dournenez, an Fhrainc, ar a bealach chuig La Rochelle, an Fhrainc; bhí cúigear criú agus 20 ball criú faoi oiliúint ar bord Ar thart ar 01:00 uair GMT an 11 Meán Fómhair, 2008, tráth a raibh an t-ártach amach ó St. Nazaire i mBá na Bioscáine, chonacthas uisce ag teacht isteach i mBialann na nDaoine faoi Oiliúint, rud a cuireadh i leith loiceadh plancála sa chabhair níos deireanaí. Rinne an criú iarracht an t-uisce tuile a phumpáil amach ach níor éirigh leo agus tréigeadh an long i rafta tarrthála ag thart ar 01:50 uair. Tharrtháil dhá bhád tarrthála ón bhFrainc an cúigear is fiche go gairid ina dhiaidh sin. Níor cailleadh aon duine agus níor tuairiscíodh aon duine a bheith gortaithe. In ainneoin an imscrúdaithe ní rabhtas in ann a dhéanamh amach go beacht céard ba chúis le loiceadh na plancála. Bunaithe ar chinntí an imscrúdaithe is dócha gur bhuail an long rud éigean faoi dhromchla na farraige agus gurbh shin an fáth go raibh loiceadh mór ar na bplancáil ar thaobh an deasbhoird.

Comparáid idir Taismí Muirí sa tréimhse 2002 - 2010

Cineál an Árthaigh	2002	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009	2010
Longa/Báid Phaisinéara									
Ro-Ro Idirnáisiúnta						Bhásaigh 1/ Gortaíodh 1	Bhásaigh 1		
Báid Teaghlaigh				Bhásaigh 2				Bhásaigh 1	
Bád Paisinéara	Bhásaigh 5								
Fo-iomlán	Bhásaigh 5			Bhásaigh 2		Bhásaigh 1 Gortaíodh 1	Bhásaigh 1	Bhásaigh 1	Náid
Lastlonga									
Gnáth-lastlonga		Bhásaigh 1				Bhásaigh 1			
Ro-Ro Lasta		Bhásaigh 1							
Tancaer		Bhásaigh 2/ Gortaíodh 1							
Olliompróir			Gortaíodh 1						
Long Choimeádán		Bhásaigh 1							
Iompróir Caranna									
Bád Oibre Bád PíolótaBáirse/Árthach Ardaithe Mórmheáchain									
Fo-iomlán		Bhásaigh 5/ Gortaíodh 1	Gortaíodh 1			Bhásaigh 1	Náid	Náid	Náid
Árthaigh iascaireachta									
< 15 mhéadar		Bhásaigh 1	Bhásaigh 1	Bhásaigh 3	Bhásaigh 1	Bhásaigh 3			Bhásaigh 2
15-24 mhéadar			Bhásaigh 4		Bhásaigh 3	Bhásaigh 9			Bhásaigh 1/ Gortaíodh 1
> 24 mhéadar	Bhásaigh 1	Bhásaigh 1	Bhásaigh 1		Bhásaigh 3		Bhásaigh 2		
Fo-iomlán	Bhásaigh 1	Bhásaigh 2	Bhásaigh 6	Bhásaigh 3	Bhásaigh 7	Bhásaigh 12	Bhásaigh 2	Náid	Bhásaigh 3/ Gortaíodh 1
Árthach áineasa									
Feithiclí Scairdsciála		Bhásaigh 1	Gortaíodh 1		Bhásaigh 1/ Gortaíodh 1	Bhásaigh 1			
Báid Oscailte/Canú	Bhásaigh 1	Bhásaigh 2	Bhásaigh 6	Bhásaigh 1	Bhásaigh 2	Bhásaigh 2	Bhásaigh 5	Bhásaigh 4	Bhásaigh 8
Mótarbhád	Gortaíodh 2	Bhásaigh 2	Bhásaigh 2			Gortaíodh 1			Bhásaigh 5/ Gortaíodh 1
Bád Seoil				Bhásaigh 2			Bhásaigh 1	Bhásaigh 1	
Mótarbhád Mear/BDI		Gortaíodh 1							Bhásaigh 2
Fo-iomlán	Bhásaigh 1/ Gortaíodh 2	Bhásaigh 5/ Gortaíodh 1	Bhásaigh 8/ Gortaíodh 1	Bhásaigh 3	Bhásaigh 3/ Gortaíodh 1	Bhásaigh 3/ Gortaíodh 1	Bhásaigh 6	Bhásaigh 5	Bhásaigh 15/ Gortaíodh 1
Iomlán na dTeagmhas	8	17	15	11	11	16	10	6	18
Iomlán na mBásanna	7	12	14	8	10	17	9	6	18
Iomlán na nGortuithe	2	2	2	0	1	2	Náid	Náid	2
Líon Iomlán na nÁrthach ar bhain timpiste dóibh	9	18	17	11	12	20*	10	6	20

*Fághtar as an áireamh san fhiúir seo an teagmhas ag Geallta Bád Dhún Laoghaire i 2007 a bhain le 115 bhád bheaga ar a n-áirítear báidín calaidh agus BDIanna

Tábla comparáideach de thuarascálacha a Foilsíodh sa tréimhse 2002 - 2010

Cineál an Árthaigh	2002	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009	2010
Longa/Báid Phaisinéara									
Ro-Ro Idirnáisiúnta	1	2	1						
Bád Teaghlaigh		1	1		1				
Bád Paisinéara		1		1			1		1
Fo-iomlán	1	4	2	1	1		1	Naid	1
Lastlonga									
Gnáth-lastlonga		4	3	5				1	1
Ro-Ro Lasta									
Tancaer			3				1		
Olliompróir		1	1						
Long Choimeádán		2	3						
Iompróir Caranna		1	1						
Bád Oibre/Tug/Bád Píolóta/Báirse/Árthach Ardaithe Mórmheáchain			4	3					
Fo-iomlán		12	14	5			1	1	1
Árthaigh iascaireachta									
< 15 mhéadar		2	5	3	1	1	1	2	3
15-24 mhéadar		3	4	5	1	1	1	5	2
> 24 mhéadar		5	13	2		1	2	2	1
Fo-iomlán		10	22	10	2	3	4	9	6
Árthach Áineasa									
Feithiclí Scairdsciála				2			4		
Báid Oscailte/Canú		1	3	3	3	1	2	3	1
Mótarbhád		2	3		2			1	3
Fruiliú							1		
Bád Seoil			2	2	1	1		2	1
Mótarbhád Mear/BDI			1	3					
Fo-iomlán		3	9	10	6	2	7	6	5
Líon Iomlán na dTuarascálacha a Foilsíodh	1	24	39	21	9	5	12	16	13
Líon Iomlán na nÁrthach ar bhain timpistí dóibh	1	29	47	26	9	5	13	16	13
Iomlán na mBásanna		21	18	19	7	5	13	14	12
Iomlán na nGortuithe	1	5	9	2	Naid	Naid	1	1	1

Ráitis Airgeadais 2010



Tréimhse Tuairiscithe 1ú Eanáir go 31ú Nollaig 2010

Clár Ábhair

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Bhord um Imscrúdú Taismí Muirí	19
Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais	20
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	21
Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta	23
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	24
Clár Comhardaithe	25
Nótaí le Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010	26

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Bhoird


Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

Freagrachtaí an Bhoird


Éilítear faoi Alt 20(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000 go gcoinneoidh an Bord i cibé foirm a cheadóidh an tAire Iompair, le toiliú an Aire Airgeadais na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead uile a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé. Le linn dó ráitis airgeadais a ullmhú éilítear ar an mBord:

1. Polasaithe cuntasáíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
2. Breithiúnais agus measúnuithe a dhéanamh atá réasúnta agus críonna
3. A lua cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh le haon chaighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais.
4. Ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go mbeadh sé míchuí a thiomhdiú go leanfaidh an Bord ag feidhmiú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chúí chuntas a choinneáil a nochtann go réasúnta cruinn ag am ar bith staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar chumas an Bhoird a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht le hAlt 20(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní an Bhoird a chumhdach agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



John G. O'Donnell B.L.
Cathaoirleach
13 Bealtaine 2011



Kieran Baker
Rúnai
13 Bealtaine 2011

Ráiteas faoin gCóras Rialaithe Airgeadais

Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2010

Freagracht as an gcóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach

Admhaím thar ceann an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí go bhfuil freagracht orainn a chinntiú go gcoinneofar agus go bhfeidhmeofar córas éifeachtach Rialaithe Airgeadais inmheánach.

Is féidir leis an gcóras Rialaithe Airgeadais cinnteacht réasúnta a sholáthar ach ní féidir leis cinnteacht iomlán a sholáthar go gcumhdófar sócmhainní, go n-údarófar idirbhearta agus go ndéanfar taifead díobh mar is cuí, agus go gcuirfear cosc ar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí nó go mbraithfear iad laistigh de thréimhse thráthúil.

Gnáthaimh Rialaithe Thábhachtacha

Seo a leanas na rialuithe airgeadais a bhí i bhfeidhm i rith na bliana:


- Bhí na híocaíochtaí uile (cé is moite de thuarastail foirne) údaraithe ag ar a laghad dhá chomhalta den Bhord.
- D'údarairigh an dara comhalta den Bhord gach éileamh ar thaisteal agus ar chothabháil agus dheimhnigh an Rúnaí iad le haghaidh íocaíochta.
- Tá Cód maidir le Seoladh Gnó ann do chomhaltaí Boird agus don fhoireann.
- Cuireann an Rúnaí staid airgeadais reatha an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí in iúl don Bhord ag gach cruinniú Boird.

Athraíodh Roinn tuismitheora an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí trí chinneadh an Rialtais ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha go dtí an Roinn Iompair le héifeacht ó 1 Eanáir 2006. Iarradh maolú ar fhoirmiú coiste iniúchta agus ar fhoirmiú feidhm iniúchta inmheánaigh ar an Roinn Iompair. Roimhe sin ba í an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha a dheonaigh an maolú.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Dearbhaím leis seo go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtúlacht na gcóras rialaithe airgeadais inmheánach maidir leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2010.

Sínithe thar ceann an Bhoird



John G O'Donnell B.L.
Cathaoirleach
13 Bealtaine 2011

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An Bord um Imscrúdú Taismí Muirí

Tá iniúchadh déanta agam ar ráiteas airgeadais an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010 faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000. Cuimsítear sna ráitis airgeadais a ullmhaíodh faoi na polasaithe cuntasáíochta atá leagtha amach ansin Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasáíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí lena mbaineann. Tá an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm le linn an ullmhúcháin ina dhlí infheidhme agus is é an Gnáthchleachtas Inghlactha Cuntasáíochta in Éirinn é.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fórcheart ar staid chúrsaí an Bhoird, ar a ioncam agus ar a chaiteachas, agus as tráthrialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuarascáil a dhéanamh orthu i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

Déanfaidh mé an t-iniúchadh de réir na dtosca speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Déanfaidh mé an t-iniúchadh de réir na gCaihdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (RA agus Éire) agus i gcomhréir leis na Caihdeáin Eiticúla d'Iniúcháirí atá leagtha síos ag an mBord um Chleachtas Iniúcháireachta.

Raon an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh fianaise a fháil maidir leis na méideanna agus leis an nochtadh sna ráitis airgeadais a bheidh leordhóthanach chun cinnteacht réasúnta a sholáthar go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha cibé acu is calaiois nó earráid is cúis leis. Áirítear leis sin measúnú ar:

- cibé acu atá nó nach bhfuil na polasaithe cuntasáíochta oiriúnach d'imthosca an Bhoird agus cibé acu ar cuireadh i bhfeidhm iad go seasta nó nár cuireadh agus ar nochtadh iad go leordhóthanach nó nár nochtadh
- réasúntacht mheastachán chuntasáíochta shuntasach a rinneadh le linn ullmhúcháin na ráiteas airgeadais agus
- cur i láthair na ráiteas airgeadais tríd is tríd.

Ina theannta sin beidh mé ag iarraidh fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta.

De bhreis air sin léifidh mé an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais sa tuarascáil bhliantúil d'fhonn neamhréireachtaí ábhartha a shonrú agus breithneoidh mé na himpleachtaí a bheidh acu maidir le mo thuarascáil.

Tuairim ar na Ráiteas Airgeadais

Tá mé den tuairim go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir Gnáthchleachtas Inghlactha Chuntasáíochta in Éirinn léargas fórcheart ar staid chúrsaí an Bhoird ar an 31 Nollaig 2010 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas

ag deireadh na bliana dar críoch an dáta sin.

Tá mé de tuairim go raibh leabhair chuí chuntas á gcoinneáil ag an mBord. Réitíonn na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntas.

Cúrsaí a thuairiscím trí Eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht más ea

- Nach bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim le haghaidh an iniúchta faighte agam, nó
- gur tugadh faoi deara le linn an iniúchta cás nár baineadh úsáid as airgead chun na críocha a bhí ceaptha dó nó nach raibh na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a bhí á rialú, nó
- nach bhfuil an fhaisnéis i dTuarascáil Bhliantúil an Bhoird don bhliain ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais lena haghaidh comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- nach léiríonn na Ráitis faoi Rialú Inmheánach Airgeadais go bhfuil an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit á chomhlíonadh ag an mBord, nó
- go bhfaighidh mé amach go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an modh ar seoladh gnó poiblí.

Ní bheidh aon ní le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí a thuairiscítear trí eisceacht.



Andrew Harkness

Don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
19 Bealtaine 2010

Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta

Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2010

1. Ginearálta

Bunaíodh an Bord um Imscrúdú Taismí Muirí (BITM) faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí Muirí), 2000. Chuaigh an Bord i mbun oibriúcháin den chéad uair an 5 Meitheamh 2002. Bunaíodh go foirmeálta é an 25 Márta 2003. Déanann an Bord imscrúduithe neamhspleácha ar thaismí muirí in Éirinn agus foilsíonn na tuarascálacha is toradh orthu.

2. Bunús Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil san fhoirm a cheadaigh an tAire Iompair, le toiliú an Aire Airgeadais faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000. Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhráithe ach amháin de réir mar a shonraítear thíos agus i gcomhréir le gnáthchleachtas inghlactha chuntasaíochta. Glactar na Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais atá molta ag an mBord um Chaighdeáin Cuntasaíochta de réir mar a thagann siad in éifeacht.

3. Tréimhse na Ráiteas Airgeadais

Clúdaíonn na ráitis airgeadais an tréimhse 12 mhí go dtí 31 Nollaig 2010.

4. Deontais Oireachtais

Is ionann an ioncam ó Dheontais Oireachtais agus na fáltais airgid iarbhír in aghaidh na bliana ón Roinn Iompair maille leis na hÍocaíochtaí a rinne an Roinn Iompair thar ceanna fhoireann an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí*.

5. Sócmhainní seasta agus Luachlaghdú

Léirítear Sócmhainní Seasta ar a gcostas. Léirítear luachlaghdú de réir méid chothroim mar a leanas:

Trealamh Oifige 5 bliana

6. Cuntas Caipitil

Is ionann an cuntas caipitil agus luach gan amúchadh an ioncaim a úsáidtear chun críocha caipitil.

7. Aoisliúntas

Tá foireann Roinne* a thagann ar iasacht chun gníomhú mar Rúnaíocht don BTMI clúdaithe ag socruithe pinsin na Roinne ábhartha.


*Nóta: Buanfhoireann tríúir a tháinig ar iasacht ón Roinn Iompair atá i Rúnaíocht an BTMI.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais 2010

Don Bhliain dar Chríoch 31 Nollaig 2010

		BLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2010	BLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2009
	Nótaí	€	€
Ioncam			
Deontais Oireachtais		167,570	181,401
Ús Taisce		-	145
		181,401	251,667
Aistriú ó Chuntas Caipitil	5	776	777
		168,346	182,178
Caiteachas			
Tuarastail Foirne		91,739	99,557
Táillí Comhaltaí Boird	8	17,333	17,776
Costais Phriontála Tuarascálacha		21,529	58,863
Obair Chothabhála ar an Suíomh Idirlín		2,653	619
Caiteachas ar Imscrúduithe Taismí		14,732	6,970
Taisteal agus Cothabháil – Comhaltaí Boird	9	2,574	2,647
Taisteal agus Cothabháil - Eile		13	123
Táillí Dlíthiúla agus Gairmiúla		-	6,513
Cuntasaíocht		4,719	4,719
Táillí Iniúcháireachta		2,500	6,580
Fógraíocht		-	931
Muirir Bhainc		49	49
Luachlaghdú		776	777
Caiteachas Ilchineálach		452	752
		159,069	206,876
(Easnamh)/Farasbarr don Bhliain		9,277	(24,698)
Farasbarr Carntha 1 Eanáir		(5,281)	19,417
(Easnamh)/Farasbarr Carntha 31 Nollaig		3,996	(5,281)

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 13.



John G. O'Donnell B.L.
Cathaoirleach
13 Bealtaine 2011



Kieran Baker
Rúnaí
13 Bealtaine 2011

Clár Comhardaithe 2010

Mar atá ar 31 Nollaig 2010

	Nótaí	31 NOLLAIG 2010	31 NOLLAIG 2009
		€	€
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Inláimhsithe	2	-	776
Sócmhainní Reatha			
Fiachóirí		227	196
Airgead sa Bhanc agus i Láimh	3	29,317	32,262
		29,544	32,458
Creidiúnaithe - Méideanna atá iníoctha laistigh de bhliain amháin			
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	4	(25,548)	(37,739)
(Dlíteanais)/Sócmhainní Glan Reatha		3,996	(5,281)
Sócmhainní Iomlána Iúide Dhlíteanais Reatha		3,996	(4,505)
Caipiteal agus Cúlchistí			
Cuntas Caipitil	5	-	776
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		3,996	(5,281)
		3,996	(4,505)

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an ráiteas faoi pholasaithe cuntasáíochta agus nótaí 1 go 13.



John G. O'Donnell B.L.
Cathaoirleach
13 Bealtaine 2011



Kieran Baker
Rúnai
13 Bealtaine 2011

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2010

Nóta 1. Imscrúduithe Cónascadh agus Gnóthas Leantach

Fógraíodh an 14 Deireadh Fómhair 2008 mar chuid d'Óráid Buiséid na bliana 2009 go ndéanfaí aon fheidhm amháin d'fheidhmeanna an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí, d'fheidhmeanna an Aonaid um Imscrúdú Aerthionóiscí de chuid na Roinne Iompair agus d'fheidhmeanna Aonad Imscrúdaithe Timpiste Iarnróid an Choimisiúin Shábháilteachta Iarnróid chun comhlacht imscrúdaithe timpiste ilmhodach nua a fhoirmiú a bheadh freagrach as imscrúdú timpistí aeir, muirí agus iarnróid.

Ní dharna an Rialtas reatha aon athrú ar an bpolasaí sin agus tá dul chun cinn suntasach déanta ó thaobh riaracháin de go dáta maidir lena chur i bhfeidhm. Táthar tosaithe reachtaíocht a dhréachtú chun éifeacht reachtúil a sholáthar don chónascadh agus tá sé i gceist go dtabharfar an reachtaíocht sin isteach san Oireachtas i 2011.

Ós rud é go n-aistreofar sócmhainní, dliteanais, agus feidhm an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí go dtí an comhlacht nua a thúsce a bhunófar é meastar go bhfuil sé iomchuí go leanfar le hullmhú na gcuntas ar bhonn Gnóthas Leantach.

	2010	2009
	€	€
Nóta 2. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe – Trealamh Oifige		
Costas		
Iarmhéid Tosaigh an 1 Eanáir	3,884	3,884
Diúscartí	-	-
Iarmhéid Deiridh ar 31 Nollaig	<u>3,884</u>	<u>3,884</u>
Luachlaghdú		
Iarmhéid Tosaigh an 1 Eanáir	3,108	2,331
Diúscairtí	-	-
Muirear don Tréimhse	776	777
Iarmhéid Deiridh an 31 Nollaig	<u>3,884</u>	<u>3,108</u>
Glanluach Leabhair		
An 31 Nollaig	<u>-</u>	<u>776</u>
Nóta 3. Airgead sa Bhanc agus i Láimh		
Cuntas Reatha	29,317	30,518
Cuntas Taisce	-	1,744
	<u>29,317</u>	<u>32,262</u>
Nóta 4. Creidiúnaithe - Méideanna iníoctha laistigh de Bhliain Amháin		
Caiteachas Fabhráithe	<u>25,548</u>	<u>37,739</u>
Nóta 5. Cuntas Caipitil		
Iarmhéid an 1 Eanáir 2010	-	776
Ioncam Curtha i Leataobh chun críocha Caipitil	-	-
Amúchadh de réir Luachlaghdú	(776)	-
Aistriú go Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	-	(776)
Iarmhéid an 31 Nollaig 2010	<u>-</u>	<u>-</u>

Nóta 6. Táillí Gairmiúla

Cuireadh próiseas tairisceana i gcrích in 2010 chun painéal imscrúdaitheoirí a chur i dtoll a chéile – aontaíodh scála táillí maidir le cur i gcrích gach imscrúdú. Níor íocadh aon táillí maidir leis an imscrúdú ar thaismí muirí a chuir Oifig na Suirbhéireachta Muirí de chuid na Roinne Iompair i gcrích sna blianta a chuaigh roimhe.

In 2010 cuireadh tús le 15 imscrúdú ach ní raibh aon cheann díobh críochnaithe faoi dheireadh na bliana. D'fhéadfadh sé go gcosnóidh an obair sin €45,000.

Nóta 7. Fostaithe agus Aoisliúntas

Níl aon duine fostaithe ag an mBord. Tá buanfhoireann triúir sa Rúnaíocht atá curtha ar fáil ag an Roinn Iompair. Aisíocadh costais foirne leis an Roinn ó leithroinnt deontais an Bhoird.

Nóta 8. Táillí Comhaltáí Boird

Íocadh táillí de €17,333 ina n-iomláine leis na trí chomhalta sheachtracha den Bhord in 2010; díobh sin fuair an Cathaoirleach John G. O'Donnell €7,429 (€7,618 in 2009) agus fuair Thomas R. Power agus Sinead Brett €4,952 (€5,079 in 2009) an duine. Íocadh na táillí uile glan ó Cháin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla ag 20%. Ní fhaigheann ceapaithe ex-officio agus Roinne aon íocaíocht maidir lena gcomhaltas den Bhord.

Nóta 9. Taisteal Comhaltáí Boird

Íocadh caiteachas taistil de €2,574 ina iomláine do dhá chomhalta sheachtracha den Bhord in 2010 as bheith i láthair ag 8 gcinn de chruinnithe Boird in 2010; díobh sin fuair an Cathaoirleach John G. O'Donnell €2,078 (€2,099 in 2009) agus fuair Sinead Brett €496 (€548 in 2009). Íocadh an caiteachas uile de réir Rátaí Taistil na Státseirbhíse.

Nóta 10. Costais Oibriúcháin

Maoiníonn an Bord a chostais oibriúcháin féin cé is moite de chostais na seirbhísí a leanas a chuireann an Roinn Iompair ar fáil saor in aisce:

- Teileafón agus Faics,
- Staisinéireacht,
- Glantachán,
- Caiteachas eile oifige ar a n-áirítear soilsiú agus téamh.

Cuireann an Roinn Iompair cóiríocht ar fáil don Bhord saor in aisce in áitreabh na Roinne i Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2.

Nóta 11. Cáin

I gcomhréir le hAlt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 níor íocadh aon cháin agus ní éillítear aon cháin a bheith curtha san áireamh sna ráitis airgeadais.

Nóta 12. Comhaltáí Boird: Nochtadh Leasanna

Tá nósanna imeachta glactha ag na comhaltáí Boird uile i gcomhréir le hait 17 agus 18 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000.

Nóta 13. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh an Bord na ráitis airgeadais an 13 Bealtaine 2011.



Lána Líosáin, Baile Átha Cliath 2. Guthán: 01-6782460. Facs: 01-6783129. www.mcib.ie